



Foras na Gaeilge

Plean Gnó 2022

(Dréacht)

10 Nollaig 2021

Clár

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Cúlra	4
Athbhreithniú Feidhmíochta	8
<u><i>Príomhréimsí, Cuspóirí agus Torthaí Inmhianaithe</i></u>	
Úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú	10
Foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú	16
Fónamh do leas na Gaeilge sa tsochaí trí chéile trí mheán an tionchair agus na comhairle	20
Tuiscint agus feasacht ar an nGaeilge a mhéadú i measc an phobail i gcéin agus i gcóngar	23
Seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge a chinnteoidh feidhmiú éifeachtach na heagraíochta agus cur i gcrích éifeachtach a cláir oibre	28
Eolas Airgeadais	32

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá lúcháir orm an dréacht deiridh seo de phlean gnó 2022 a chur i láthair. Is é seo an tríú plean gnó sa tréimhse chorparáideach 2020-2022. Tá an plean gnó seo ag tógáil ar obair a rinne Foras na Gaeilge agus a chuid comhpháirtithe le linn ceann de na tréimhse ba dúshlánaí a bhí againn ó bhunú an Fhorais Teanga in 1999. Cé gur éirigh go maith linn, le linn 2021, cuid mhaith dá raibh beartaithe sa phlean gnó sin a bhaint amach, de bharr na srianta a bhain leis an bpaindéim dhomhanda, tá cuid den obair sin fós le críochnú, agus beimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na nithe sin le linn 2022.

In 2022, den chéadair ó 2008, beidh maoiniú breise le caitheamh ag Foras na Gaeilge, de bharr an mhéadaithe shuntasáigh a rinneadh ar ár mbuiséad bonnlíne i lár 2021. Tá Foras na Gaeilge buíoch de na hAirí Rialtais agus na Ranna Urraíochta ar a shon sin. Beidh de bhua ag an ardú bonnlíne ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge go mbeidh dea-thionchar aige san fhadtárma ar phobail sa dá dhlínse ina bhfuil an teanga á forbairt. Cuirfidh an maoiniú breise ar chumas Fhoras na Gaeilge cur chuige straitéiseach fadtéarmach a ghlacadh atá ag teacht le prionsabail na pleanála teanga, le cur lenár soláthar go háirithe i measc daoine óga i bpobail a bhfuil roinnt acu i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Cuirfear ar ár gcumas ár raon leathan scéimeanna a thacaíonn leis an bpobal a leathnú tuilleadh, Scéimeanna Imeachtaí Óige agus Campaí Samhraidh ina measc. Anuas air sin, beidh Foras na Gaeilge ábalta anois comhpháirtíochtaí a fhorbairt le raon grúpaí pobalbhunaithe. Cinnteoidh an méadú sin de €1.7m ar ár mbuiséad bonnlíne in 2022 go mbeidh deis ag Foras na Gaeilge tús a chur le scéim thacaíochta d'ionaid Ghaeilge ar fud an oileáin, agus tús a chur le Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, scéim forbartha pobail a bheidh ag tógáil ar an Scéim Pobal Gaeilge. Lena chois sin, beidh Foras na Gaeilge ag leanúint dár n-obair cheannródaíochta foclóireachta agus tús á chur le tionscadal le foclóirí Gaeilge:Gaeilge agus Gaeilge:Béarla ar líne.

Cé nach léir d'éinne cén tionchar go díreach a imreoidh COVID-19 ar ár gcuid gníomhaíochtaí nó ar ghníomhaíochtaí ár gcuid deontaithe agus páirtithe leasmhara in 2022, tá iarracht déanta, a oiread agus is féidir anseo impleachtaí na haicíde a chur san áireamh agus déantar tagairt dó seo go sonrach sa mhír den Phlean a dtugtar Cúlra uirthi.

Seán Ó Coinn
Príomhfheidhmeannach
Foras na Gaeilge

Cúlra

Is é Foras na Gaeilge an ghníomhaireacht Ghaeilge agus is é Gníomhaireacht na hUltaise an ghníomhaireacht Ultaise a chomhdhéanann le chéile An Foras Teanga. Tá an Foras Teanga ar cheann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus *The North/South (Co-operation) (Northern Ireland) Order* 1999. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá sannta d'Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart, agus i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- dtionscadal tacaíochta a ghabháil de lámh, agus cúnaimh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, de réir mar a mheastar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de lámh ;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (as seo amach CATT) agus go háirithe don aire ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (as seo amach RTCEGSM) i ndlínse Rialtas na hÉireann agus don aire ar an Roinn Pobal (as seo amach RP) i ndlínse an Fheidhmeannais.

Ráiteas misin Fhoras na Gaeilge

Úsáid na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú agus a normalú agus saíocht na Gaeilge a roinnt leis an saol.

Ráiteas físe Fhoras na Gaeilge

An Ghaeilge a bheith neadaithe agus normalaithe i measc an mhórphobail ar fud an oileáin agus feasacht ar shaíocht na Gaeilge a chur chun cinn.

Comhthéacs dlíthiúil agus polasaí

Sainmhíononn Bunreacht na hÉireann, polasaí rialtais, forálacha agus breitheanna dlí agus tionscnaimh agus cleachtais a nglactar leo chun an teanga a chur chun cinn, go háirithe Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012, An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006, agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Lena chois sin, tá reachtaíocht chultúrtha ar a bealach trí na céimeanna éagsúla i dTithe Páirliminte na Breataine Móire faoi láthair. Maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Bille na dTeangach Oifigiúla 2019 (Leasú) á phlé san Oireachtas agus an dréacht seo den Phlean Gnó idir lámha. Tá, gan dabht, reachtaíocht bhunaidh ann: *The North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order* 1999. De réir Ré Nua Cur Chuige Nua, beidh straitéis nua don Ghaeilge le forbairt le cur faoi bhráid Fheidhmeannas TÉ sa mhandáid Reatha.

Tá na cuspóirí sa phlean gnó seo agus na torthaí a thiocfaidh astu ceangailte go dlúth leis na tionscnaimh pholasaí reatha teanga atá luaite sa dá dhlínse agus leasófar an plan dá réir i bhfianaise eolas breise fúthusan nó leasuithe orthu. Maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, Acht na Gaeltachta, 2012 an Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint, tá Foras na Gaeilge tiomanta a bheith ag plé leis na cúraimí atá air ag eascairt uathusan ar fad. Ní foláir, chomh maith, go bhféadfadh impleachtaí praiticiúla a bheith ann de bharr an athbhreithnithe ar Acht na dTeangacha 2003 i ndlínse Rialtas na hÉireann agus de bharr Straitéis don Ghaeilge agus aon reachtaíocht eile Ghaeilge i ndlínse an Fheidhmeannais.

Fordhearcadh COVID-19

Cé go gcaithfeadh aon ráiteas faoi fhordearcadh COVID-19 a bheith teoranta do leibhéal ard, beidh freagairt Fhoras na Gaeilge ag teacht le comhairle shláinte na Rialtas sa dá dhlínse agus beidh aird freisin ar mheasúnú tionchair ar eochairscéimeanna de chuid na heagraíochta a chuirfear faoi bhráid an Bhoird go tréimhsiúil d'fhonn an oiread solúbthachta oibríochtúla a chinntiú agus is féidir.

Déanfaidh Foras na Gaeilge monatóireacht leanúnach ó cheann ceann na bliana ar thionchar shrianta COVID-19 ar ár gcuid gníomhaíochtaí. D'éirigh go maith le plan leanúnachais gnó na heagraíochta chun feidhmiú gan chur isteach a chinntiú nuair a sainordaíodh an chianobair (2020), ach aithnímid freisin go bhféadfadh na dúshláin a bhainfeadh le filladh ar an láthair oibre a bheith níos achrannaí fós.

I dtéarmaí leathana, ba choir go méadóidh maolú na srianta ar bhonn céimnitheach agus/nó ócáidiúil an deis le hócáidí agus imeachtaí a eagrú, ó thaobh lín agus formáide de (i.e. iad a reáchtáil ar an nós traidisiúnta 'i bpearsan' seachas ar líne). Bíonn na himeachtaí, gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí sóisialta seo ina ndlúthchuid de chur chun cinn na Gaeilge. Nuair a bheidh plananna á ndréachtú agus á n-athbhreithniú i

gcaitheamh na bliana cuirfear sa mheá idir phróifíl lucht freastail agus phróifíl na ngníomhaíochtaí i dtaca le dul chun cinn na gclár vacsaínithe.

Plean Gnó 2022 i bhfianaise Plean Gnó 2021 agus Plean Corparáideach 2020-2022

Eagras é Foras na Gaeilge a bhfuil dualgais reachtúla air, agus déantar athbhreithniú dá réir sin ar bhonn rialta ar a struchtúr eagraíochtúil lena dheimhniú go bhfuil sé in oiriúint dóibh siúd agus don timpeallacht oibríochtúil i gcoitinne. Rinneadh dul chun cinn leanúnach le linn thréimhse Phlean Chorporáideach 2017-2019 maidir le feidhmiú na struchtúr nua a bhaineann leis na Ceanneagraíochtaí. Agus bonn seasta faoi sin, leanadh den fheidhmiú reatha, den athbhreithniú agus den phleanáil ar bhonn níos fadtéarmaí do thodhchaí na struchtúr sin agus do thodhchaí struchtúr Fhoras na Gaeilge féin. Le linn 2017-2019 forbraíodh agus rinneadh comhairliúchán poiblí ar *Treo Straitéiseach* a chlúdódh an chéad chúig bliana eile agus d'fhéadfadh sin a bheith ina chabhair le cúinsí COVID-19, forbairtí an Bhreitheachta agus impleachtaí na gClár Rialtais sa dá dhlinse, *Ráiteas Straitéise RTCEGSM* agus straitéis 5-bliana na RP, *Building Inclusive Communities*, a shruthú i gcóras pleanála na heagraíochta.

Is é atá sa phlean gnó seo cur síos ar na torthaí atá Foras na Gaeilge ag iarraidh a bhaint amach sa bhliain 2022 de réir na mórchuspóirí atá luaite sa Plean Corparáideach 2020-2022. Measúnófar an dul chun cinn maidir le feidhmiú an phlean i rith na bliana féachaint an bhfuil sé ábhartha, réalaíoch agus indéanta i gcónaí agus déanfar é a thomhas de réir spriocanna. Pointe tábhachtach ó thaobh pleanála teanga de: toisc go gcláraítear míreanna oibre agus torthaí inmhianaithe faoi cheann amháin de na mórchuspóirí pleanála teanga, ní hionann sin agus a rá nach n-imríonn siad tionchar ar mhórchuspóir nó ar mhórchuspóirí eile. Mar shampla, d'fhéadfadh drámaíocht na Gaeilge, nó forbairt na nuathéarmaíochta ról a imirt i dtaca le 'hÚsáid' nó 'Foghlaim'. Chun athrá a sheachaint, ní chláraítear míreanna níos mó ná uair amháin.

Monatóireacht, luacháil agus tuairisciú agus ailíniú le Clár Rialtais

Tá socruithe sainiúla ann maidir le monatóireacht, luacháil agus tuairisciú ar an bPlean Gnó atá aontaithe leis na Ranna Coimircíochta. Síníonn na páirtithe ábhartha Comhaontú Seirbhíse foirmiúil gach bliain a thagraíonn go sonrach don Phlean Gnó bliantúil. Anuas ar na cruinnithe CATT eagraítear sraith de chruinnithe monatóireachta gach bliain ina gcuirtear tuairiscí foirmiúla ar fáil ar an dul chun cinn ar an bPlean Gnó. Bíonn teagmháil rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta faoi ghnéithe praiticiúla dá mbíonn sa Phlean Gnó.

Sa tslí seo deimhnítear go bhfuil an Plean Gnó ailínithe le Clár an Rialtais sa dá dhlínse agus beidh na himpleachtaí agus na socruithe maidir le COVID-19 san áireamh ansin. Tuairiscítear go foirmiúil uaireanta faoi dul chun cinn ar ghnéithe ar leith den obair – tuairiscítear faoi dhul chun cinn ar mhíreanna de *Straitéis Fiche Bliain na Gaeilge 2010-2030*, mar shampla – agus freagraítear ceisteanna Dála agus Tionóil ar éileamh. Bíonn Foras na Gaeilge ar fáil do Choistí Dála agus Tionóil i gcónaí freisin le tuairisc a thabhairt dóibh ar obair na heagraíochta.

Maoiniú

Aon áit a dtagraítear sa phlean seo do mhaoiniú a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí nó d'eagrais, is faoi réir critéar réamhshocraithe agus/nó pleananna gnó, más cuí, a dhéanfar é sin.

De bharr choimitmintí Rialtas na hÉireann faoi Ré Nua Cur Chuige Nua, beidh maoiniú substainteach á chur ar fáil ag Rialtas na hÉireann le tacú le forbairt na pleanála teanga i ndlínse an Fheidhmeannais.

Maoiniú Breise Covid

Má iarrann ceachtar de na Ranna Urraíochta/an dá Roinn Urraíochta orainn é, tacófar le seachadadh cúnamh airgid, lasmuigh de na gnáthshocruithe maoinithe Thuaidh/Theas, chuig eagraíochtaí in earnáil na Gaeilge a ndearna COVID-19 dochar airgeadúil dóibh agus a bhfuil cúinsí dúshlánacha eacnamaíochta á bhfulaingt acu i gcónaí. Is é is aidhm le haon idirghabháil eagraíochtaí san earnáil a chobhsú le go gcuirfí iad san áit a mbeidís mura mbeadh Covid-19 ann.

Athbhreithniú Feidhmíochta

Tá an t-athbhreithniú feidhmíochta gairid seo ar Phlean Gnó Fhoras na Gaeilge don bhliain 2021 á ullmhú i gcomhthéacs na struchtúr tuairiscithe agus monatóireachta a bhí in úsáid ar bhonn leanúnach le linn na trémhse, mar atá:

- gur chuir Foras na Gaeilge dréacht dá Phlean Gnó bliantúil faoi bhráid na n-údarás cuí gach bliain;
- gur síníodh comhaontú seirbhíse gach bliain mar chomhaontú foirmiúil idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta faoi obair na bliana sin;
- go n-eagraítear cruinnithe monatóireachta rialta (in aghaidh na ráithe, de ghnáth) ina gcuireann Foras na Gaeilge síos go foirmiúil (i bhfoirm cáipéisíochta de réir múnlaí comhaontaithe) ar dhul chun cinn ar pleananna oibre agus ar shaincheisteanna ábhartha eile de réir mar a thiocfaidh a leithéid chun cinn;
- go n-eagraítear cruinnithe rialta den Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas (má tá sin indéanta), ina gcuirtear tuairisc ar fáil ar dhul chun cinn ar obair na heagraíochta; agus
- go mbíonn teagmháil agus cumarsáid rialta idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Coimircíochta.

In ainneoin gur bhliain eisceachtúil gan aon amhras a bhí in 2021 de dheasca COVID-19 d'éirigh le Foras na Gaeilge a chuid morchuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, cé gur leasaíodh gnéithe den fheidhmiú – inár gcás féin, i gcás na gCeanneagraíochtaí agus deontaithe agus eile ar oibríomar leo – chun cloí le treoirlínte sláinte sa dá dhlínse. Is i réimse an phobail a rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó in 2021. Rinneadh timpeall €9 milliún d'infheistíocht sa phobal (os cionn €1 as gach €2 de bhuiséad Fhoras na Gaeilge) trí na sé Cheanneagraíocht Ghaeilge, Scéim Pobal Gaeilge, tacaíocht d'ionaid Ghaeilge, chomh maith le scéimeanna óige, campaí samhraidh, agus ealaíon.

I réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta tháinig méadú ar líon úsáideoirí shuíomhanna Fhoras na Gaeilge: 2.5 milliún úsáideoir ar focloir.ie (ardú 8% ó 2020), 2.8 milliún úsáideoir ar teanglann.ie (ardú 25% ó 2019) agus 520,000 úsáideoir ar tearma.ie (laghdú 6% ó 2020).

I réimse na pleanála teanga, tá feidhmiú nó ullmhú pleananna teanga ar bun i gcás 8 mbaile agus tá dréachtú nó athbhreithniú pleananna ar siúl do 4 Bhaile seirbhíse Gaeltachta le haghaidh na seacht mbliana amach romhainn.

D'fhoilsigh na trí fhoilsitheoir déag Gaeilge a fhaigheann tacaíocht trí Scéim na Foilsitheoireachta ceithre leabhar agus ochtú in 2021. Bhí díolachán leabhar Áis in 2021 bord ar bord nach mór lenar baineadh amach an bhliain roimhe, ach mar chomhthéacs roimh-COVID bhí sin 5.3% níos airde ná 2019. Rinneadh an méid sin tríd an ngréasán de 265 siopa leabhar ar fud an oileáin agus thar lear.

Léiríonn 21.6 milliún imprisean go ndeachaigh feachtas trasardáin #LeChéile gur aimsíodh deis trí thionchar COVID-19 le scéal na Gaeilge a roinnt go fairsing ar an bpobal ar líne. Tháinig méadú 468% ar líon na radharc ar chuntais Fhoras na Gaeilge mar thoradh ar an bhfeachtas a thacaigh leis an bpobal Gaeilge a úsáid sa bhaile le linn na dianghlasála. Bunaíodh léitheoirí.ie i bpáirt le *Comhar* le pobal léitheoireachta na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.

Príomhréimsí, Cuspóirí agus Torthaí Inmhianaithe

MÓRCHUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1: úsáid laethúil na Gaeilge a bhuanú agus a mhéadú	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.	Deiseanna úsáidte a chur ar fáil trí na scéimeanna seo a leanas:
	1.1.1 Scéim na bhFéilte 2022
	1.1.2 Glaoch 1 R1 – R4 (Sprioc 3 Meán Fómhair 2021)
	1.1.3 Glaoch 2 R1 – R4 (Spriocdháta fós le deimhniú ach osclófar Glaoch 2 i mí Eanáir 2022, mar sin bheadh an spriocdháta thart ar dheireadh mhí Eanáir 2022/ tús mhí Feabhra 2022.)
	1.1.4 Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2022 R1 – R4 (Sprioc 22 Deireadh Fómhair 2021) & Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2022 R1 – R4. Sprioc 7 Eanáir 2022)
	1.1.5 Scéim na nImeachtaí Óige R1 – R4 Deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil do 3,000 duine óg trí ochtó a cúig tionscadal a mhaoiniú – R4.
1.1.6 Scéim na gCampaí Samhraidh R1 – R4 Deiseanna foghlamtha a chur ar fáil do 3,000 duine óg trí nócha campa samhraidh a mhaoiniú – R3.	

	<p>1.1.7 Dáileachán Leabhar Seirbhís dáileacháin a chinntiú trí 95% d'orduithe a chomhlíonadh taobh istigh de thrí lá (agus 99% laistigh de dheich lá) R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dáileachán leabhar ginearálta a chinntiú tríd an líonra de 270 shiopa leabhar atá ag Áis R1-R4 • Forbairt bhreise a dhéanamh ar sheirbhísí Áis trí: <ol style="list-style-type: none"> 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach thrádstóras Áis 2. Córas íocaíochtaí ó chustaiméirí a dhéanamh níos simplí 3. Cur le líon na gcomhpháirtithe miondíola R1-R4 4. Tionscadal le hábhar margaíochta a fhorbairt le cur le líon na siopaí a dhíolann leabhair Ghaeilge, dírithe go príomha ar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta, agus Líonraí. 5. Díolacháin 2022 a choinneáil cothrom le díolachán 2021. <p>1.1.8 Riar a dhéanamh ar scéim le haird an phobail a tharraingt ar leabhair Ghaeilge agus léitheoireacht i nGaeilge – an Scéim Tacaíochta Margaíochta d'earnáil na Foilsitheoireachta R1 – R4.</p>
<p><i>(AR LEAN)</i></p> <p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an</p>	<p>1.1.9 Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus eile</p> <p>Glór na nGael</p> <p>A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte agus forbartha na Gaeilge i réimse an phobail trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Glór na nGael: R1 – R4.</p> <p>Comhairle, tacaíocht agus eolas a sholáthar do ghrúpaí pobalbhunaithe, ina measc grúpaí atá ag plé le forbairt líonraí Gaeilge agus le Bailte Seirbhíse Gaeltachta.</p> <p>Tacaíocht d'fhorbairt na fiontraíochta sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an nGaeilge. Tacú leis an scéim aitheantais GRADAIM do ghnólachtaí atá ag úsáid na Gaeilge mar chuid den ghnó, nó atá ag cur seirbhíse trí Ghaeilge ar fáil dá gcustaiméirí. Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil sa dá</p>

<p>nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<p>dhlínse agus ag leibhéal an phobail logánta do theaghlaigh atá ag iarraidh teaghlach a thógáil le Gaeilge.</p> <p>Tacú leis an scéim ‘Céimeanna’, scéim forbartha do ghrúpaí úra agus grúpaí beaga Gaeilge chun cuidiú leo bheith in ann a mianta maidir leis an nGaeilge sa phobal a chomhlíonadh.</p>
<p><i>(AR LEAN)</i></p> <p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<p>Oireachtas na Gaeilge</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte na Gaeilge trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le hOireachtas na Gaeilge: R1 – R4 <ul style="list-style-type: none"> ○ Clár gníomhaíochtaí comhaontaithe a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach ○ Cur le líon na ngréasán úsáidte Gaeilge sa dá dhlínse, bunaithe ar chur chuige straitéiseach ○ Stocaireacht thar ceann phobal na Gaeilge a dhéanamh le húdaráis stáit agus le húdaráis eile i raon leathan de shiamsaíocht a chuireadh spéiseanna leathana caithimh aimsire an mhórphobail <p>Cumann na bhFiann</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna úsáidte na Gaeilge do dhaoine óga trí na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Cumann na bhFiann: R1 – R4 <ul style="list-style-type: none"> ○ Imeachtaí a chur ar fáil do dhaoine óga a thabharfaidh deis dóibh Gaeilge a labhairt agus gréasán Gaeilge a bhunú agus a bhuanú, mar shampla Tóstal na bhFiann, Scléip na hÓige agus Carnabhal na nGaelscoileanna. ○ Straitéis a chur i bhfeidhm maidir le bunú gréasáin úsáidte Gaeilge, i gcomhair le heagraíochtaí eile agus le páirtithe eile pobalbhunaithe. ○ Ardú feasachta agus béim ar leith a chur ar bhunú clubanna sna líonraí agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta ○ Tuilleadh clubanna óige a bhunú i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh
	<p>Eile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt, faomhadh, cur i bhfeidhm agus riaradh ar phleananna teanga ag Ceanneagraíochtaí Bhailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) agus líonraí R1 – R4

<p>(AR LEAN)</p> <p>1.1 Deiseanna úsáide a chruthú le pobail labhartha Gaeilge, pobail na Gaeltachta san áireamh, a chumasú le húsáid a bhaint as an nGaeilge, léitheoireacht na Gaeilge ina measc.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Scéim Líonraí a reáchtáil • Riar a dhéanamh ar réimse de scéimeanna a chuireann deiseanna úsáidte Gaeilge ar fáil sa phobal: <ul style="list-style-type: none"> ○ Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge ○ An Scéim Raidió Pobail ○ Scéim na gCultúrlann ○ Scéimeanna na Meán Gaeilge ○ An Scéim Tacaíochta Gnó ○ An Scéim Tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge • Maoiniú a chur ar fáil do na Gradaim Foilsitheoireachta. R2 – R4 • Rannpháirtíocht i gcomhchoiste stiúrtha ar fhorbairt straitéis náisiúnta forbartha pobail. R1 – R4 • Scéim tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge a riar • Sainchúrsa úr dírithe ar fhoghlaimeoirí úra a fhorbairt agus a sholáthar sna ceantair phleanála teanga. R1 – R4 <p>1.1.10 Saothair ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus do léitheoirí Gaeilge trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scéim na Foilsitheoireachta R1-R4 (leis na spriocanna seo: 13 x foilsitheoir; 68 x teideal) • Scéim na gCoimisiún R1-R4 (le 12 choimisiún le críochnú roimh dheireadh 2022) • Tionscadal 'Bosca Leabharlainne' le haghaidh scoileanna, i gcomhar le Leabhair Pháistí Éireann/An Chomhairle Ealaíon agus Laureate na nÓg – an Bosca Leabharlainne a bheith dáilte ar 1,125 scoil ar a laghad. • Tionscadal píolótach 'Lá Domhanda na Leabhar 2022', faoi stiúir Chlár na Leabhar Gaeilge, an Oireachtais agus Lá Domhanda na Leabhar R1-R2
--	---

	<p>1.1.11 Spreagadh agus deiseanna tacaíochta a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta – comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó scríbhneoirí aitheanta tríd an scéim seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An Scéim Meantóireachta R1-R4 (le sprioc de 20 meantóireacht le 20 scríbhneoir agus 19 meantóir)
	<p>1.1.12 Tionscadal Léitheoireachta a réachtáil i bpáirt le páirtithe leasmhara le léitheoireacht na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn go huile-oileánda trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear léitheoirí agus ábhar léitheoirí; foilsitheoirí; scríbhneoirí; clubanna leabhar; leabharlannaithe; agus léirmheastóirí</p>
<p>1.2. Deiseanna úsáide/cleachta teanga a sholáthar d'fhoghlaimoirí na teanga</p>	<p>1.2.1 Gael Linn</p> <ul style="list-style-type: none"> • A dheimhniú go soláthraítear deiseanna trí thosaíochtaí agus trí thionscadail ar nós na nithe seo a leanas a aontú le Gael Linn R1 – R4: <ul style="list-style-type: none"> ○ Imeachtaí seach-churaclaim a éascú agus a chomhordú chun daltaí scoile agus scoláirí tríú leibhéal a spreagadh le húsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge, mar shampla, díospóireachtaí, comórtais chainte poiblí, féilte peile ○ Feachtas feasachta dírithe ar an nGaeilge i scoileanna meáin Bhéarla ó thuaidh
	<p>1.2.2 Deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú agus a éascú don phobal trí na scéimeanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scéim na dTionscadal Litríochta R1 – R4 (le sprioc 8 x tionscadal maoinithe)
	<p>1.2.3. Deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú agus a éascú don phobal trí stocaireacht a dhéanamh maidir le cur chun cinn deiseanna léitheoireachta trí Ghaeilge san earnáil léitheoireachta ar bhonn uile-oileánda R1 – R4.</p>

1.3. Úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh a éascú agus a chur chun cinn	1.3.1. Rannpháirtíocht i gcomhchoiste stiúrtha ar fheidhmiú straitéis náisiúnta don Ghaeilge mar theanga chlainne R1 – R4.
--	---

MÓRCHUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2: foghlaim agus daingniú na Gaeilge a neartú	
Eochairchuspóirí	Torthaí Inmhianaithe
2.1 Treoir agus comhairle a thabhairt do na forais chuí	2.1.1 Comhairle a sholáthar don RO i leith chaighdeán na Gaeilge, polasaí don Ghaeloideachas, Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus oiliúint tosaigh múinteoirí bunscoile le súil is go bhforbrófaí próiseas athraithe.
	2.1.2 Comhairle a sholáthar don Roinn Oideachais i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le teagasc na Gaeilge agus ceist na Gaelscolaíochta. <ul style="list-style-type: none"> • Ionadaíocht a dhéanamh ar bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta i ndlínse an Fheidhmeannais maidir le ceist na gaelscolaíochta le linn 2022.
	2.1.3 Comhairle a sholáthar don Roinn TCEGSM maidir le Straitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe <ul style="list-style-type: none"> • Le linn 2022 beidh Foras na Gaeilge ag glacadh páirt ghníomhach ar choiste na Roinne d'fhonn Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn
	2.1.4 Comhairle a sholáthar d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le soláthar don Ghaeilge ar na meáin chraolta. <ul style="list-style-type: none"> • Ionadaíocht a dhéanamh ar Choiste Gaeilge Údarás Craolacháin na hÉireann le linn 2022.
2.2 Tacú le teagasc, forbairt agus foghlaim na Gaeilge ag na leibhéil	2.2.1 Scoláireachtaí & áiseanna do scoileanna <ul style="list-style-type: none"> • Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta: maoiniú a chur ar fáil faoin scéim a chuirfidh ar chumas na n-eagraíochtaí rathúla scoláireachtaí a chur ar fáil do 465 dhuine óg agus 16 dhuine fásta. • Áiseanna le tacú le cur chun cinn na Gaeilge a chur ar fáil saol in aisce do scoileanna

<p>éagsúla trí áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil</p>	<p>2.2.2. Séideán Sí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Staidéar scóipe a dhéanamh le páirtithe leasmhara i dtaobh an chéad tionscadail forbartha eile a bheidh ag teastáil. • Obair ar an aip a chur i gcrích agus an aip a chur ar fáil ar na hardáin dhigiteacha R2 • Ceithre shaothar ficsein do Rang 3 –6 a fhoilsiú R4 • Digitiú fuaime a dhéanamh ar úrscéalta Rang 1 &2 R2
<p style="text-align: center;">(AR LEAN)</p> <p>2.2 Tacú le teagasc, forbairt agus foghlaim na Gaeilge ag na leibhéil éagsúla trí áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil</p>	<p>2.2.3. Áiseanna réamhscoile agus bunscoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Féach Thart Rang 6: Eolaíocht: sleamhnáin agus caibidlí ón leabhar saothair a fhoilsiú ar líne R4 • Atlas Bunscoile: tosú ar eagrán nua a réiteach R4 • Líon an Dúlra: eagrán a fhoilsiú in aghaidh na ráithe R1 – R4 • Athchlónna de réir mar a bheidh ag teastáil R1 – R4 • Dhá bhunleabhar léitheoireachta do rang 1-3 R4 • Leabhar véarsaíochta le haghaidh leanaí réamhscolaíochta R4 • Dhá chomheagrán a réiteach R4 • Aip ghréasáin bunaithe ar an bpacáiste <i>Gaschaint</i> a chur i gcrích: R1 <p>2.2.4. Áiseanna iar-bhunscoile</p> <ul style="list-style-type: none"> • An téacsleabhar Adhmadóireachta a thabhairt chun críche R3 • Téacsleabhar Foirgníochta: leath an leabhair a bheith crochta ar an suíomh R4 • Téacsleabhar Mata (Ardteist): cúig chaibidil a chur ar fáil ar líne R4 • Aistriúchán ar <i>Adventura de Said</i> curtha i gcló R4 • Téacsleabhar ealaíne: fuilleach na gcaibidlí a fhoilsiú ar líne R1 • Atheagrán de <i>An Triail</i> R1 • Tionscadal taighde faoi riachtanais na n-iar-bhunscoileanna i dtaca le téacsleabhair a thabhairt chun críche R2

	<p>2.2.5 An tÁisaonad</p> <p>Na tosaíochtaí seo a leanas a aontú le Coláiste Ollscoile Naomh Muire le haghaidh an Áisaonaid chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta R1 – R4</p> <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar iar-bhunoideachais – an t-ardán www.aiseolas.com a fhorbairt • Cluichí teanga – leabhráin de nótaí múinteora a ullmhú le bheith ag tacú leis na múinteoirí leis na cluichí teanga a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí • Athchlónna ar bhonn leanúnach ar ábhar atá as stoc agus a bhfuil ard-éileamh orthu <p>2.2.6 Deiseanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta trí Ghaeilge a chothú do pháistí scoile tríd an scéim seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Scríobh Leabhar R1 – R4 (10 nlonad Oideachais agus 280 scoil páirteach) <p>2.2.7 An fhoclóireacht a fhorbairt</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tús a chur le tionscadal 5 bliana na bhfoclóirí nua GG/GB • Cothabháil, nuashonrú agus forbairt ar na suíomhanna agus aipeanna foclóireachta • Cur leis na comhaid ghramadaí agus fuaime atá ar na suíomhanna foclóireachta • Luacháil chomparáideach ar thionscadail agus táirgí foclóireachta Fhoras na Gaeilge • Poiblíocht ar na tionscadail agus táirgí reatha foclóireachta agus ar chúrsaí foclóireachta i gcoitinne
